Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 6

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Réamhrá

Tá dualgas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013, de réir an cheanglais sin.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2013, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaithe-i-gcabhair.

Tá barrachas €1.61 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a réiteach i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

**Slándáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide**

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála TFC.

**Rialuithe Airgeadais agus Riaracháin**

Déanann MAC agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go rialta ar rialuithe. Breithníonn MAC gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

**Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- Córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- An Oifig ag cinntiú go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad.
- An Oifig comhlíontach ach amháin i gcás 7 gconradh le linn 2013 arbh fhiú €720,000 ar an iomlán iad a bronnadh gan tabhairt faoi thairiscint iomaíoch. Chuir an Oifig sonraí ar na conarthaí seo ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus  Ciste agus nuair is infheidhme tá conarthaí curtha i bhfeidhm, nó táthar ar tí iad a chur i bhfeidhm, maidir leis na seirbhísí seo amach anseo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

**Eileen Creedon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

31 Márta  2014

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair**

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2013.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Lúnasa 2014

# Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Seirbhísí dlí a sholáthar | 31,776 | 29,737 | 30,679 |
| | **Ollchaiteachas** | **31,776** | **29,737** | **30,679** |
| | *Asbhain* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,860** | **1,432** | **1,876** |
| | **Glanchaiteachas** | **29,916** | **28,305** | **28,803** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le géilleadh | 1,610,920 | 4,148,587 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 14,397 | 13,993 | 14,245 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 61 | 58 | 65 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,105 | 801 | 919 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 350 | 331 | 344 |
| v | Trealamh Oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 850 | 795 | 579 |
| vi | Costais áitribh oifige | 370 | 221 | 171 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar bheartais luach ar airgead | 29 | 7 | 11 |
| | | **17,162** | **16,206** | **16,334** |

# Nótaí atá ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 13,531 | 14,345 |
| Pá | | 13,993 | 14,245 |
| Neamhphá | | 2,213 | 2,089 |
| **Ollchaiteachas** | | **29,737** | **30,679** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,432** | **1,876** |
| **Glanchaiteachas** | | **28,305** | **28,803** |
| **Athruithe ar shóchmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (306) | | |
| Dímheas | 294 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 3 | | |
| | | (9) | 133 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (39) | (38) |
| **Athruithe ar ghlan-shócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,020) | | |
| Laghdú ar stoc | 2 | | |
| | | (1,018) | (879) |
| **Caiteachas díreach** | | **27,239** | **28,019** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glan-chaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1) | | 2,036 | 2,084 |
| Cíosanna barúlacha | | 825 | 821 |
| **Glan-chostas cláir** | | **30,100** | **30,924** |

### 1.1 Glan-Chaiteachas ar Sheirbhísí Comhcheangailte

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna seo a leanas.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | m | 66 | 61 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 1,108 | 1,085 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 862 | 938 |
| | | 2,036 | 2,084 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 839 | 767 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 39 | 63 |
| | | **878** | **830** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 105 | 1,377 |
| Stoic | 2.5 | 47 | 49 |
| Réamhíocaíochtaí | | 150 | 188 |
| Ioncam fabhraithe | | 9,890 | 9,122 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 334 | 397 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.8 | 790 | 702 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **11,316** | **11,835** |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 734 | 1,024 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,229 | 2,476 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **1,963** | **3,500** |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | **9,353** | **8,335** |
| **Glan-sócmhainní** | | **10,231** | **9,165** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.1 | **10,231** | **9,165** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2013**<br>**€000** | **2012**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 9,165 | 8,381 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar Measta | Cuntas | 29,916 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,611) | | |
| Glan vóta | | | 28,305 | 28,803 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 2,036 | 2,084 |
| Caiteachas nach airgead tirim – cíos barúlach | 1 | | 825 | 821 |
| Glan-chostas cláir | 1 | | (30,100) | (30,924) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **10,231** | **9,165** |

### 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus fearais | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 3,835 | 1,714 | 5,549 |
| Breiseanna | 367 | 2 | 369 |
| Diúscairtí | (61) | (10) | (71) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 4,141 | 1,706 | 5,847 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | 3,519 | 1,263 | 4,782 |
| Dímheas don bhliain | 206 | 88 | 294 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (58) | (10) | (68) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2013 | 3,667 | 1,341 | 5,008 |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **474** | **365** | **839** |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **316** | **451** | **767** |

### 2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhairí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha chun cinn an 1 Eanáir 2013 | 63 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim sa bhliain | 39 |
| Aistrithe go dtí clár na sócmhainní | (63) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013 | 39 |

### 2.4 An Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 106 | 1,569 |
| Orduithe gan íoc | (1) | (192) |
| | 105 | 1,377 |

### 2.5 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 47 | 49 |

### 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ilghnéitheach | 334 | 397 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 234 | 242 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 110 | 108 |
| Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla | 471 | 244 |
| Cáin Bhreisluacha | 20 | 10 |
| Ranníoca pinsin | 49 | 51 |
| | 884 | 655 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 56 | 51 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 289 | 1,770 |
| | 1,229 | 2,476 |

| **2.8 An Glanchistiú Státchiste atá le hÍoc** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le géilleadh | 1,611 | 4,149 |
| Deontas státchiste tarraingthe siar | (2,401) | (4,851) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (790) | (702) |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 105 | 1,377 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 334 | 397 |
| | 439 | 1,774 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (884) | (655) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (345) | (1,821) |
| | (1,229) | (2,476) |
| | | |
| | (790) | (702) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe de réir dlí | 1,140 | 868 |

Níl tiomantais maidir le cásanna dlí atá ar siúl faoi láthair san áireamh sa bhfigiúr thuas toisc nach mbeifear in ann bailchríoch a chur ar na costais go dtí go mbeidh na caingne dlí críochnaithe. Tá an caiteachas faoi réir na ngnáthrialuithe costas agus comhlíonadh na dteorainneacha buiséid.

## 2.10 Dliteanais Aibí

Is é an méid iomlán de dhliteanais aibí neamhscaoilte amhail an 31 Nollaig 2013 ná €26,616.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteideal

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Seirbhísí dlí a sholáthar** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 14,397 | 13,993 | 14,245 |
| A.2 | Riarachán – neamh-phá | 2,765 | 2,213 | 2,089 |
| A.3 | Seirbhísí seachtracha dlí | 248 | 268 | 142 |
| A.4 | Táillí abhcóide | 11,850 | 12,391 | 9,528 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí | 2,516 | 872 | 4,675 |
| | | 31,776 | 29,737 | 30,679 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár A €2.04 milliún níos ísle ná mar a luadh. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 404 | Tharla coigilteas de bharr an t-achar a glacadh chun folúntais dlí a líonadh i rith na bliana. |
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 304 | Tharla coigilteas de bharr conarthaí nua slándála agus glanadh a cuireadh i bhfeidhm, breis oiliúna intí agus laghdú ar chaiteachas leabharlainne. |
| Costais áitribh oifige | 149 | Tharla coigiltis mar thoradh ar leas a bhaint as conarthaí lárnaithe ó thaobh Fóntais agus ar chaiteachas níos lú ná mar a bhí súil leis ar throscán agus ar fheistis. |
| Táillí abhcóide | (541) | Bíonn caiteachas faoin bhfo-ceannteideal seo ag brath ar imeachtaí sna cúirteanna agus dá bhrí sin bíonn sé deacair a thuar. Bhí ardú ar líon na gcásanna ardphróifíle in 2013 agus mar thoradh air sin a bhí ardú ar chaiteachas faoi bhfo-cheannteideal seo. |
| Costais ghinearálta dlí | 1,644 | Bíonn caiteachas faoin bhfo-ceannteideal seo ag brath ar imeachtaí sna cúirteanna agus dá bhrí sin bíonn sé deacair a thuar. Ina theannta sin, ó aistríodh scéim an Ard-Aighne chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil in 2013, níor tháinig an caiteachas réamh-mheasta maidir le táille oidhreachta chun cinn. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí i gcabhair**

| | | 2013 | 2013 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 1,000 | 530 | 960 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí | 860 | 902 | 916 |
| | | 1,860 | 1,432 | 1,876 |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Bhí an méid a fuarthas €428,000 níos lú ná mar a ceapadh. Ní féidir in aon bhliain a thuar go cruinn na costais a dhámhfar ar an Stát ná na táillí a aisghabháilfear

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

Fuair an Státchiste €50,122 ar an iomlán faoin Acht Maoine Stáit 1954.

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **An líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 226 | 217 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 12,889 | 13,144 |
| Ard-lúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise | 83 | 80 |
| Liúntais eile | 7 | 8 |
| Ragobair | 21 | 20 |
| PRSI Fostóra | 993 | 993 |
| **Pá Iomlán** | **13,993** | **14,245** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uas-Íocaíocht Aonair 2013 | Uas-Íocaíocht Aonair 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-lúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise | 31 | 1 | 10,434 | 9,280 |
| Liúntais eile | 4 | — | 1,783 | 1,783 |
| Ragobair | 9 | — | 5,920 | 5,464 |

Fuair daoine ar leith breis luach saothair faoi bhreis is catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

| **6.1 Costais Dlí** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mar seo a leanas a rangaítear na costais dlí a híocadh le linn na bliana: | | |
| Táillí abhcóide | 12,391 | 9,529 |
| Costais ghinearálta dlí | 862 | 1,135 |
| Scéim Oifig an Ard-Aighne | 10 | 3,540 |
| Seirbhísí seachtracha dlí | 268 | 142 |
| Cúiteamh a hÍocadh | — | — |
| | 13,531 | 14,346 |

**6.2 Airgead Sealbhaithe ar Iontaobhas**

Tá roinnt cuntas bainc tráchtála ag an Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit . Sealbhaítear an t-airgead seo ar iontaobhas thar ceann cliaint-ranna agus oifigí agus tríú páirtithe a mbíonn baint acu go príomha le hidirbhearta maoine. Ní tharchuirtear aon airgead as leithroinnt Measta an Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit tríd na cuntais bhainc seo. €2.384 milliún an méid a bhí coinnithe ag deireadh 2013.